


Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Áit chun Foghlama

# Treoirleabhar do Mhúinteoirí

Cuairt Oideachais ar an bPáirc Náisiúnta a phleanáil

Páirceanna Náisiúnta
National Parks

Is ceannairí iad na Páirceanna Náisiúnta i dtaca le hOideachas Caomhantais. Táimid paiseanta as leanaí agus daoine óga a mhúineadh maidir le eolas a chur ar ár ndomhan nádúrtha agus aire a thabhairt dó. Tacóimid le scoileanna in aon slí is féidir linn chun do chuairt a dhéanamh taitneamhach agus rathúil. Sula gcuireann tú cuairt threoraithe i n-áirithe lenár bhfoireann Treoraithe Oideachais nó sula bpleanálann tú do chuairt fhéintreoraithe féin go Gleann Bheatha, iarraimid ar mhúinteoirí ar an treoirleabhar seo a léamh.



## Na Rudaí atá le Tairiscint Againn

Baineann ár nIonad Oideachais agus ár gClár go hiomlán le cuidiú le páistí agus le daoine óga foghlaim faoin dúlra agus eolas ar cad is féidir linn go léir a dhéanamh chun é a chosaint. Cuirimid rogha modúl foghlama ar fáil do Scoileanna Náisiúnta agus don Dara Leibhéal, tá Turais Allamuigh don Teastas Sóisearach agus don Ardteistméireacht araon ar fáil. Is féidir linn cuairteanna agus cainteanna a chur in oiriúint do ghrúpaí ón gcoláiste agus grúpaí ollscoile freisin.

Bíonn ár gclár imeachtaí lán go tapa. Do mhúinteoirí atá i gceannas ar a gcuairt féin ar an bPáirc Náisiúnta, cabhróimid agus tacóimid libh nuair is féidir linn. Déan teagmháil linn roimh ré le do thoil má tá sé beartaithe agat é seo a dhéanamh.



## Conas Cuairt Treoraithe a chur in Áirithint



1. Bain úsáid as Bileoga Faisnéise an Mhodúil Foghlama ar ár suíomh gréasáin chun cabhrú leat do rogha ábhar a roghnú don chuairt.
2. Seol ríomhphost chugainn ar Glenveagh-Education@npws.gov.ie leis an eolas seo a leanas:
   - Ainm lomlán agus sonraí teagmhála scoile
   - Ainm an Phríomhmhúinteora
   - Bliain/Rang agus Líon an nDaltaí. Miondealú ar aoiseanna más scoil náisiúnta iomlán thú
   - Rogha ábhair
   - Aon riachtanas/ailléirgí speisialta
   - Iarratais speisialta nó ábhair ar mhaith leat go ndéanfaimis machnamh orthu
   - Laethanta agus dátaí a oireann duit
3. Déanfaimid teagmháil leat ansin chun dátaí oiriúnacha a thairiscint agus seolfaimid foirm áirithinte iomlán agus pacáiste eolais chugat chun d'áirithint a chomhlánú.
4. Déanfaimid teagmháil leat seachtain roimh do chuairt chun an socruithe deiridh go léir a dhearbhú.

## Ár Modúil Foghlama

Cuirimid réimse laethanta téamacha ar fáil ina bhfoghlaimíonn daltaí faoin bPáirc Náisiúnta, agus maidir le cosaint an dúlra agus na timpeallachta.

### Laethanta bunscoile

- Lá Gníomhaíochta Cosain an Dúlra
- Fionnachtain Coillearnaí
- Beatha inár bPortaigh
- Gleann Bheatha: An tAm atá Caite, Saol an Lae Inniu & an Todhchaí
- Teastas Fionn Eolaíochta agus Matamaitice na Bunscoile
- Taisceálaithe Beaga Dúlra

### Meánscoileanna

- Stáidéar Allamuigh ar an Éiceolaíocht agus ar Chaomhnú: Lá praiticiúil, faisnéiseach a thugann beocht do shainmhínithe téacsleabhair le fíorshamplaí d'obair chaomhnaithe agus eolaíochta sa Pháirc Náisiúnta.
- Tionscadal Cosain Dúlra na hIdirbhliana: Eispéireas foghlama uathúil do dhaltaí na hIdirbhliana, a bhfuil sé mar aidhm aige athrú a spreagadh i luachanna agus dearcthaí i leith na timpeallachta, inbhuanaitheachta agus caitheamh aimsire amuigh faoin spéir.

## Na rudaí le tabhairt leat

Má chuirtear cuairt san Fhómhair/Geimhreadh in áirithe duit, moltar go láidir hataí agus lámhainní a chaitheamh, go háirithe do pháistí níos óige. Moltar hataí agus uachtar gréine do chuairteanna Samhraidh. Cinntigh le do thoil go bhfuil soláthairtí don lá leo ag aon duine a bhfuil a gcógas féin acu.

Coisbheart ciallmhar & éadaí uiscedhíonach.

Lónta pacáilte sláintiúla. Is lá gníomhach é.

Ba chóir go dtógfadh scoileanna a bhfearas garchabhrach féin, chomh maith le hanálóirí, epipen nó cógas dá ndaltaí

## Rochtain ar an gCaisleán

Is féidir taitneamh a bhaint as Caisleán Ghleann Bheatha ón taobh amuigh mar chuid de do chuairt. Inis dúinn go soiléir ag am na háirithinte má tá sé i gceist é seo a chur san áireamh le linn do thréimhse linn.

# Cad atá romhat



Seachadtar an Clár um Oideachas Dúlra lasmuigh den chuid is mó i bhformhór coinníollacha aimsire, mar sin tá gá le héadaí cuí. Cuirfimid glaoch ort an tráthnóna roimh do chuairt más rud é go bhfuil do chuairt curtha siar de bharr coinníollacha aimsire nó má tá rabhaidh aimsire curtha i bhfeidhm. Cinntigh le do thoil gur féidir teagmháil a dhéanamh leat ar an uimhir theileafóin a chuireann tú ar fáil dúinn agus an chuairt á cur in áirithe agat.

Idir Bealtaine agus Meán Fómhair, is féidir le deacrachtaí a bheith le míoltóga le coinníollachta áirithe aimsire, agus mar sin déanaimid iarracht oibriú in áiteanna nach bhfuil móran díobh ag bailiú sna laethanta sin. De rogha tuismitheora, ba cheart éarthach feithidí a thógáil leat nó a chur ort féin roimh theacht duit.

Socraítear fad do chuairte ag am na háirithinte lena n-áirítear am le haghaidh sosanna. Maireann gnáthlá timpeall ar a 10 go dtí a 2pm (1pm do naíonáin), agus bíonn lá iomlán ag teastáil le haghaidh roinnt turais allamuigh don Dara leibhéal.

Ar mhaithe le bolscaireachta, uaireanta lorgóimid do thoiliú chun grianghraf a ghlacadh de ghrúpaí scoile agus iad ag baint sult as an lá. Déanfaimid é seo a phlé leat roimh ré i gcónaí agus cinnteoimid go dtabharfar na ceadanna riachtanacha. Baineann cuid dár ngíomhaíochtaí le bheith gar don domhain nádúrtha agus a bheith páirteach ann, amhail feithidí a chuardach agus ithir agus plandaí a scrúdú. Cuir in iúl dúinn le do thoil má bhíonn aon dalta i do ghrúpa míchompordach nó má tá ailléirgí ann nach mór dúinn a bheith ar an eolas futha.
Ba mhaith linn go mbeadh do lá chomh sábháilte, chomh taitneamhach agus chomh cuimsitheach agus gur féidir leis.

## Bia agus Sólaistí

TABHAIR FAOI DEARA: Ba chóir do mhúinteoirí a bhfleascáin tae agus chaife féin a thabhairt leo. Labhair linn faoi áirithintí grúpa sa bhialann agus rátaí speisialta do scoileanna más mian leat é seo a chur san áireamh le do chuairte.

Tá bialann san Ionad Cuairteoirí. Is féidir le múinteoirí lónta le tabhairt leat a cheannach anseo. Tá Seomra Tae sa Chaisleán le seirbhísí den dóigh chéanna ar fáil. Is féidir leis na háiseanna seo a bheith an-ghnóthach áfach, mar sin molaimid go láidir lónta pacáilte do chách.

## Conas do Rang a Ullmhú

Bheadh muid ag moladh do gach grúpa na nithe seo a leanas a fhiosrú agus a phlé:
— Cad is Páirc Náisiúnta ann?
— Cén fáth a bhfuil siad speisialta/difriúil?
— Cad iad na plandaí/ainmhithe tábhachtacha sa pháirc?


Féach ar léarscáil den cheantar - labhair faoin áit a bhfuil tú ag dul, cad atá súil agat a fheiceáil agus cad ba mhaith leat a fhoghlaim. Féach ar ár suíomh gréasáin le haghaidh nuachta, nuashonruithe agus faisnéis mhionsonraithe, nó ar ár bhfothaí meán sóisialta do ghrianghraif agus físeáin.

## Feitheoireacht

Ní mór do scoileanna múinteoir amháin nó duine fásta mar fheitheoir a thabhairt leo do gach 10 páiste chomh fada agus is féidir. Tá sé seo de réir ár bPolasaí um Chosaint Leanaí. Tá múinteoirí freagrach as a ngrúpa agus as a n-iompraíocht i gcónaí agus ní fhéadfaidh siad an grúpa a fhágáil gan duine i bhfeighil orthu.

Cuir in iúl dúinn le do thoil má tá riachtanais bhreise nó riachtainais speisialta ag aon dalta i do ghrúpa ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfuil an lá leagtha amach againn a chinntíonn go gcuirtear san áireamh iad chomh maith is gur féidir. Ba chóir do dhaltaí a bhfuil análóirí nó cógais de dhíth orthu iad a bheith leo le linn an cuairte.

## Grúpa a threorú i nGleann Bheatha



Má tá sé beartaithe agat grúpa a threorú i nGleann Bheatha, iarraimid ort dul i dteagmháil linn roimh ré chun do phleananna a chur in iúl dúinn. Ar an mbealach seo, b'fhéidir go mbeimid in ann cuairt phearsanta a shocrú le duine dár dTreoraithe Oideachais. Is féidir linn cabhrú chomh maith le pleanáil bhealaigh nó le bearta sláinte agus sábháilteachta, agus is féidir linn bileoga oibre, achmhainní agus trealamh a sholáthar do ghrúpaí.

Nuair a shroicheann tú Gleann Bheatha le ghrúpa nach bhfuil turas curtha in áirithe acu roimh ré, iarraimid ort dul chuig an Ionad Cuairteoirí chun muid a chur ar an eolas go raibh tú ar an láithreán agus maidir le do chuid pleananna ar son do ghrúpa. Dá bhrí sin, is féidir lenár bhfoireann cabhrú leat an tairbhe is mó a bhaint as do chuairt agus a chinntiú go dtéann an lá gan stró duit.

TABHAIR FAOI DEARA: Tuann gach grúpa cuairt ar an bpáirc ar a bpriacal féin. Tá an chomhairle sa treoirleabhar seo ar fáil chun cabhrú leat a chinntiú go bhfuil do chuairt chomh sábháilte, chomh rathúil agus chomh taitneamhach agus is féidir.

## Rudaí le Tabhairt chun Machnaimh

Smaoinigh ar an séasúr - tá rudaí le foghlaim agus is é an t-am is fearr leis an dúlra a iniúchadh ná taobh amuigh de buaicthréimhsí agus den samhradh.

Bí feasach ar líon do ghrúpa, maidir lena gcumas agus ar an méid atá le feiceáil sa pháirc. Is minic go dtógann cuairt níos faide ná mar a bhíothar ag súil leis agus ní mór duit am a cheadú do scuainí ar bhusanna agus áiseanna le linn tréimhsí gnóthacha.

Tá leithris lonnaithe sa Charrchlós, san Ionad Cuairteoirí agus i limistéar Ghairdín an Chaisleáin. Mar sin féin níl áiseanna ar fáil ar na cosáin is iargúlta ar feadh achair fhada.

Cuir in iúl dúinn má tá sé beartaithe agat an tseirbhís bus a úsáid. Tá sé saor in aisce do Bhunscoileanna & Méanscoileanna, le táille bheag do ghrúpaí Tríú Leibhéal. Tá gach áis eile saor in aisce. Ba chóir do dhaltaí airgead a thabhairt leo chun bronntanais nó sólaistí a cheannach má tá sé ar intinn agat am a thabhairt dóibh le haghaidh seo.

## Cosain an Dúlra

Is féidir linn seisiún iomlán a chur in oiriúint dár gclár eitice faoin aer Fág Gan Lorg.

Iarraimid go ndéanfadh gach cuairteoir an dramhaíl a thugtar isteach sa pháirc a íoslaghdú. Ní mór an bruscar ar fad a thógáil go dtí pointe athchúrsála cuí nó é a thógáil ar ais go dtí an scoil.

Spreag do ghrúpa le meas a léiriú ar dhaoine, ar phlandaí agus ar ainmhithe eile

Íoslódáil ár Leabhrán 'Cosain an Dúlra' chun leideanna cabhracha a fháil ar conas tionchar a imirt

## Ag Bogadh Timpeall

Feidhmíonn ár seirbhís tointeála bus ar feadh na bliana agus an príomhcharrchlós á nascadh aige le limistéar an Chaisleáin & na nGairdíní 3.5km ar shiúl. Is féidir leis an bpáirc a bheith gnóthach agus an séasúr faoi lán seoil, mar sin iarraimid ort a bheith foighneach ag na hamanna seo má tá tú ag úsáid an bhus. Tá go leor conairí le sult a bhaint astu chomh maith leis an Ionad Cuairteoirí agus Gairdíní, agus is féidir le grúpaí dul chun fámaireachta dá ndeoin féin chomh fada is go bhfuil am acu. Tá sé de rogha agat chomh maith rothar a fháil ar cíos. Féach ar ár suíomh gréasáin le haghaidh sonraí.

# Bealaí & Eispéiris Molta




Cuairt 2 uair an chloig
Tosaigh ag an Ionad Cuairteoirí, bain sult as cuid den chur i láthair closamhairc agus ansin siúil ar Chonair Dúlra Dhoire Laighean chun féachaint thart ar choillearnacha agus ar ár bportaigh. Tá roinnt codanna géara sa lúbchosán seo atá 2km, agus mar sin tá sé go maith do ghrúpaí fuinniúla atá níos sine, ach d'fhéadfadh daoine óga rogha a dhéanamh aicearra a thógáil siar i dtreo an charrchlóis. Déan teagmháil linn más mian leat ár Seomra Ranga Lasmuigh sa choill a úsáid - bíonn sé seo ar fáil go minic Dé Luain agus Dé hAoine.

Cuairt 3-4 uair an chloig
D'fhéadfá pleanáil a dhéanamh cuairt a thabhairt ar dhá cheann na páirce taobh istigh den am seo. Siúil go dtí an caisleán ar feadh siúlóid cois locha (3.5km, rian éasca) agus bain taitneamh a bhaint as féachaint ar na Gairdíní, tailte an Chaisleáin, Seomraí Tae agus Siopa Bronntanas. Bheadh sé mar rogha agat ina dhiadh seo siúil suas rian An Láthair Amhairc (2km géar, dian) nó an bus a fháil ar ais go dtí an ceann íochtarach. Siúil an Cosán Dúlra nó bain taitneamh as na radharcanna ó cheann an locha agus ón bpáirc súgartha sula dtéann tú ar do bhus ar ais abhaile.

Lá Iomlán
Dóibh siúd atá ag lorg níos mó eachtraíochta agus atá in ann achar fada a shiúil, tá siúlóid síos 'Cosán an Ghleanna' ar cheann de bhuaicphointí na páirce. (siúlóid mheasartha, 7km go dtí an Caisleán, 11km an bealach ar fad ar ais go dtí an príomhcharrchlós) Labhair linn faoi threoracha agus pointí fágála. Nó, faigh bus go dtí an Caisleán agus siúil go dtí Eas Asteleen (3km gach bealach ón gcaisleán, 6km san iomlán). Bain sult as roinnt de na Coillearnacha is tábhachtaí sa pháirc agus radhairc dochreidte ar an loch.

## Ar Mhaith Leat Tuilleadh a Fhoghlaim?

Molaimid do gach cuairteoir iniúchadh a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin agus cuairt a thabhairt ar ár bhfothaí meán sóisialta roimh theacht go Gleann Bheatha. Tar orainn ar Facebook, Instagram, Twitter, agus foghlaim tuilleadh faoin bPáirc Náisiúnta. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin chun leideanna a fháil ar chaitheamh aimsire freagrach faoin aer.



## Bí Aireach

Bí ar an eolas maidir le busanna agus feithiclí páirce feadh bóithre agus limistéir an charrchlóis. Fan le do ghrúpa i gcónaí agus ná fág iad gan aon duine á bhfaire. Déan teagmháil linn faoi shábháilteacht ár gcosáin tar éis aimsir stoirmiúil agus ariamh ná lig do ghrúpa crainn a dhreapadh ná dul isteach san uisce.

Labhair le do ghrúpa faoi cad ba cheart a dhéanamh má théann duine ar strae agus conas cabhair a fháil. Déan do mheasúnuithe riosca scoile féin roimh chuairt.

## Tar éis do chuairt..

Nuair a fhilleann tú ar an seomra ranga, tá go leor bealaí inar féidir le do rang machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama le chéile.

- Tarraing nó scríobh faoi na rudaí a chonaic tú agus a d'fhoghlaim tú faoi le linn do chuairte.
- Faigh amach cad iad na plandaí agus ainmhithe a chónaíonn i dtailte na scoile agus timpeall uirthi.
- Pléigh cad is féidir leat a dhéanamh mar scoil nó mar rang chun tacú leis an bhfiadhúlra áitiúil agus chun an Dúlra a Chosaint

## I gCás Éigeandála

Ar chuairt threoraithe, i gcás éigeandála ar bith tabharfaidh ar Treoraí Oideachais ar dualgas do ghrúpa ar aghaidh chuig an mbealach amach nó an pointe tionóil is gaire duit agus fan le do ghrúpa go dtí go ndéileáiltear leis an imeacht nó go n-imeoidh tú ón bpáirc. Tá gach Treoraí Oideachais oilte i nGarchabhair agus le do chead, is féidir leo cabhrú le páiste tinn nó gortaithe. Molaimid freisin do scoileanna fearas garchabhrach beag a thabhairt leo má tá sé mar pholasaí ag an scoil cóireáil a thabhairt duit féin nó do pháiste gortaithe. Déan cinnte de go bhfuil muid ar an eolas maidir le haon dalta a bhfuil ailléirgí nó cógais air/uirthi i gcónaí ar theacht duit agus go bhfuil cógas leis/léi. Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir raon clúdaigh fón póca i nGleann Bheatha a thuar.

Má tá tú féin i gceannas ar ghrúpa, molaimid do gach grúpa a bheith ullmhaithe go maith dá lá sa pháirc. Déan do bhealach a phleanáil roimh ré, seiceáil réamhháisnéis na haimsire, tabhair fearas garchabhrach leat agus bíodh plean éigeandála agat i gcónaí. B'fhéidir nach mbíonn baill foirne i láthair i gcónaí i gceantair iarghúlta den pháirc, ach má bhionn cúnamh páirce ag teastáil cuir ball foirne ar an eolas más féidir. Sábháil uimhreacha teagmhála éigeandála ar do ghuthán. Labhair linn má tá comhairle uait maidir le conas pleanáil chun cinn agus ullmhú do do chuairt féin agus conas seisiún lasmuigh a stiúradh go sábháilte.

## Cuirtear Fáilte roimh Aiseolas i gCónaí

Seolfaimid eolas chugat maidir le conas aiseolas a thabhairt dúinn ar do chuid taithí. Is cuid thábhachtach dár gclár é seo agus cabhraíonn sé linn i gcónaí feabhas a chur ar gach a dhéanaimid.




Teach an Droichid, Gleann Bheatha
Páirc Náisiúnta, Mín an Lábáin, Dún na nGall
F92Y7R2

RÍOMHPHOST:
Glenveagh-Education@npws.gov.ie

# Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
## Áit chun Foghlama













Protect Nature